Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 11 Iúil 2023**
**(OR. en)**

**11125/1/23**
**REV 1**

**ECOFIN 655**
**UEM 189**
**SOC 480**
**EMPL 331**
**COMPET 676**
**ENV 754**
**EDUC 268**
**RECH 300**
**ENER 391**
**JAI 901**
**GENDER 132**
**ANTIDISCRIM 126**
**JEUN 170**
**SAN 407**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (cuid 2)/an Chomhairle |
| Ábhar: | An Seimeastar Eorpach 2023: Moltaí ón gComhairle maidir le Cláir Náisiúnta um Athchóiriú 2023 agus lena dtugtar tuairimí ón gComhairle maidir le Cláir nuashonraithe um Chobhsaíocht nó um Chóineasú<br>– Glacadh |

Faoi Sheimeastar Eorpach 2023, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle an 24 Bealtaine 2023, le haghaidh 27 mBallstát, Moltaí le haghaidh Moltaí ón gComhairle maidir le Cláir Náisiúnta um Athchóiriú 2023 agus lena dtugtar Tuairimí ón gComhairle maidir le Cláir nuashonraithe um Chobhsaíocht nó um Chóineasú 2023.

Sna moltaí sin, comhcheanglaítear moltaí eacnamaíocha agus fostaíochta atá bunaithe ar Airteagal 121(2) agus Airteagal 148(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) le tuairimí ón gComhairle maidir le cláir um chobhsaíocht agus um chóineasú atá bunaithe ar Airteagal 5(2) agus Airteagal 9(2) de Rialachán 1466/97, agus, i gcásanna áirithe, le moltaí ón gcuid choisctheach den nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha faoi Airteagal 6(1) de Rialachán 1176/2011.

Ó tharla gur cuid dhílis de na moltaí tírshonracha iad na moltaí a chumhdaítear faoi raon feidhme Airteagal 148(4) CFAE agus go mbíonn dlúthbhaint ag inneachar na moltaí sin leis an gComhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis, ba cheart feidhm a bheith ag an nós imeachta a luaitear faoi Airteagal 121(2) CFAE maidir leis an dá chuid de na moltaí.

Phléigh an Chomhairle an rannchuidiú maidir le gnéithe fostaíochta agus beartais shóisialta na moltaí sin an 12 Meitheamh 2023, agus an rannchuidiú maidir le gnéithe eacnamaíocha, airgeadais agus gnéithe a bhaineann leis an nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha, lena n-áirítear nóta ina mínítear na leasuithe ar na moltaí ón gCoimisiún a thug an Chomhairle isteach i gcomhréir le hAirteagal 2-ab(2) de Rialachán 1466/97, an 16 Meitheamh 2023, faoi réir an athbhreithnithe dhlítheangeolaíoch.

Bhí plé ag an gComhairle Eorpach maidir leis na téacsanna ag an gcruinniú a bhí aici an 29-30 Meitheamh 2023, agus cuireadh bailchríoch ar an athbhreithniú dlítheangeolaíoch.

D'fhéadfadh Coiste na mBuanionadaithe a mholadh, dá bhrí sin, go ndéanfadh an Chomhairle cinneadh an méid seo a leanas a ghlacadh mar mhír 'A' ag cruinniú a bheidh ann amach anseo:

– Téacsanna na moltaí tírshonracha, mar a leagtar amach in 9903/1/23 REV 1 iad, agus an nóta míniúcháin a ghabhann leo, mar a leagtar amach in 9902/1/23 REV 1 é.